# Cístí Tuinnín



## Comhábhair

- 2 channa tuinnín
- 4 phráta mhóra, bruite agus brúite
- 4 scailliún, gearrtha suas go mion
- 8 spúnóg mhóra de ghrabhróga aráin / arán gan ghlútan
- 2 ubh bhuailte
- Spúnóg phlúir / plúr gan ghlútan
- Gráinnín salainn is piobair
- 3 spúnóg mhóra d'ola olóige

40

6

## Modh Oibre

1. Cuir an tuinnín, an salann agus an piobar isteach i mias.
2. Measc isteach na prátaí brúite agus na scailliúin.
3. Cuir clúdach ar an mhias agus fág é sa chuisneoir ar feadh uair a' chloig.
4. Tóg amach as an chuisneoir é agus déan cístí beaga as an mheascán.
5. Tum na cístí isteach sa phlúr ar dtús, ansin san ubh bhuailte agus isteach sna grabhróga aráin ar deireadh.
6. Téigh an ola olóige i bhfriochtán agus cócaráil na cístí tuinnín go mbeidh dath órga orthu.

NOD: Cuir chun boird le sailéad, le líomóid agus le hanlann tartair.